Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Eanáir 2016**
**(OR. en)**

**15565/15**

**ECOFIN 1010**
**UEM 438**
**SOC 726**
**EMPL 472**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2016<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (ECOFIN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, dréacht den Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh a d'ullmhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

**Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh 2016**

**- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle (ECOFIN) -**

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cúigiú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh (AMR), ar tuarascáil ón gCoimisiún í agus atá ina túsphointe don bhabhta bliantúil den Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (MIP) i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2016.

2. AONTAÍONN SÍ I gCOITINNE leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar choigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn leantach atá á dhéanamh ag na Ballstáit chun a míchothromaíochtaí seachtracha agus inmheánacha a cheartú, rud a chuidíonn leis an athchothromú san Aontas Eorpach agus laistigh den limistéar euro. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gnóthú measartha agus an boilsciú íseal, nithe a leanann mar gheall ar laghdú na míchothromaíochtaí agus ar rioscaí maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dúshláin thábhachtacha ann i gcónaí agus gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí beartais chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí, go háirithe na leibhéil ardaithe féichiúnais agus an leibhéal ard dífhostaíochta, mar aon leis na treochtaí diúltacha san fhás ionchasach agus i bhfás na táirgiúlachta. Ag an am céanna, tá barrachais bhreise i gcónaí sna cuntais reatha i roinnt Ballstát ag a bhfuil riachtanais díghiarála atá sách íseal agus lena bhféadfaí, faoi imthosca áirithe, a thabhairt le fios gurb ann do mhíchothromaíochtaí móra coigilteas agus infheistíochta a gcaithfí dul chun cinn a dhéanamh ina leith ó thaobh gníomhaíochtaí beartais. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh coigeartú neamhshiméadrach, i ngeall ar athchothromú easnamh chuig staideanna barrachais in a lán tíortha agus i ngeall freisin ar bharrachais dhianseasmhacha agus arda i dtíortha eile, agus as an gcoigeartú neamhshiméadrach sin go bhfuil barrachas mór agus méadaitheach sa limistéar euro ina iomláine, rud a fhágann go gcaithfear aird níos mó a thabhairt ar na hiarmhairtí a leanfaidh é. Ar an iomlán, AONTAÍONN SÍ go gcaithfear athchóirithe breise cinntitheacha a dhéanamh chun infheistíocht a chur chun cinn agus chun leas a bhaint as an acmhainneacht fáis.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an scagadh eacnamaíoch bunúsach a thíolaic an Coimisiún sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh inar sainaithníodh ocht mBallstát déag a mbeadh tuilleadh anailíse ag teastáil ina leith, is é sin trí athbhreithnithe doimhne (IDRanna) a dhéanamh ar ar a mbonn a bhféadfaí aon mhíchothromaíochtaí atá ann nó a bheidh ann seasta, agus cineál na míchothromaíochtaí sin, a shainaithint. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le hanailís sa bhreis a dhéanamh ar an méid a thit amach le déanaí sna sé Bhallstát déag inar sainaithníodh míchothromaíochtaí an bhliain seo caite, lena mheas an bhfuil na míchothromaíochtaí leachtach, dianseasmhach nó géiritheach, agus cur chun feidhme beart ábhartha á chur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a moladh roimhe seo i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú níos doimhne ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith in dhá Ballstát breise.

4. Cé nach ndéantar measúnú ar thíortha an chláir sa Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch, toisc go bhfuil siad faoi réir géarfhaireachais faoin gclár, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá ann, mar chuid dá gclár don choigeartú, an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo a chothú le hathchóirithe arb é is aidhm dóibh na míchothromaíochtaí a sainaithníodh iontu a cheartú. AONTAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an staid mar a bheidh i gcás na Cipire nuair a imeoidh sí ó na cláir cúnaimh airgeadais i mí Mhárta 2016, mar atá beartaithe, agus aontaíonn sí leis an rún atá aige measúnú a dhéanamh ar chomhtháthú na Cipire isteach sa chreat um fhaireachas caighdeánach. MEASANN SÍ gur cheart an nós imeachta ceannann céanna sin a leanúint i gcás tíortha eile an chláir a luaithe a thugann siad a gcláir maidir le cúnamh airgeadais chun críche.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún na hathbhreithnithe doimhne atá i ndlúth agus in inneach na dTuarascálacha Tíre a fhoilsiú i mí Feabhra, ar tuarascálacha iad ina gcomhtháthaítear freisin an anailís bhreise a rinne an Coimisiún ar shaincheisteanna struchtúracha eile a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ IN IÚL go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha amhail féichiúnas ard, acmhainneacht fáis íseal agus an ráta ard dífhostaíochta, agus idirdhealú soiléir a dhéanamh freisin idir na dúshláin atá roimh na Ballstáit ó thaobh cineálacha agus céimeanna éagsúla riosca agus an phráinn faoi seach lenar cheart aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gníomhaíocht mhear chun aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí. AONTAÍONN SÍ gur cheart leas a bhaint as an nós imeachta don mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch a mhéad is féidir, agus an ghné cheartaitheach a chur i bhfeidhm i gcásanna iomchuí.

6. In ainneoin a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cúrsaí sóisialta agus le margadh an tsaothair, agus, toisc gur gá éifeachtacht an scórchláir a chaomhnú mar fheiste luathrabhaidh agus toisc cineál na míchothromaíochta maicreacnamaíche mar nós imeachta a bunaíodh chun díriú ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a shainaithint, a chosc agus a cheartú, IS OTH LÉI gur chuir an Coimisiún trí tháscaire breise fostaíochta sa phríomh-scórchlár. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach bhfuil na táscairí sóisialta ná táscairí mhargadh an tsaothair ábhartha maidir le rioscaí macra-airgeadais a shainaithint agus nach féidir, le forbairtí sna táscairí sin, céimeanna a spreagadh i bpróiseas an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá leanúint den obair theicniúil d'fhonn feabhas a chur ar oiriúnacht an scórchláir agus ar uirlisí agus creataí anailíseacha chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach agus gur gá feabhas a chur ar na nithe sin is cúis le teacht chun cinn na míchothromaíochtaí agus lena leachtú, chun go ndéanfar athscagadh níos fearr ar an anailís fholuiteach agus ar na torthaí foluiteacha.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún feabhas a chur ar chur chun feidhme an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, go háirithe trí bhailiúchán a fhoilsiú ina gcuimseofar agus lena dtíolacfar, in aon áit amháin, an fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, trí chobhsú a dhéanamh ar aicmiú an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch agus trí shoiléiriú a dhéanamh ar na critéir a mbaineann an Coimisiún leas astu agus cinntí á ndéanamh aige maidir le sainaithint na míchothromaíochtaí agus maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leo ó thaobh cur chun feidhme agus moltaí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil trédhearcacht agus intuarthacht an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch ríthábhachtach chun a áirithiú gurb iad na Ballstáit iad féin a bheidh i bhfeighil ar an nós imeachta, rud atá fíorthábhachtach freisin ó thaobh éifeachtacht an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé a rinneadh maidir le dul chun cinn na n-athchóirithe atá molta mar chuid den nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch i gcás na Cróite, na Bulgáire, na Fraince agus na hIodáile, a mheastar a bhfuil míchothromaíocht iomarcach á leanúint agus i gcás na Slóivéine, na Spáinne agus na hÉireann a bhfuil míchothromaíochtaí acu a bhfuil gníomhaíocht chinntitheach agus faireachán sonrach de dhíth ina leith. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanfar an faireachán sonrach ar an bPortaingéil go luath in 2016. AITHNÍONN sí na gníomhaíochtaí beartais mar aon leis na freagairtí a tugadh chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí a sainaithníodh. Ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann agus gur gá athchóirithe breise a shaothrú agus a chomhlánú trí fhaireachán sa bhreis a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-athchóirithe chun a áirithiú go ndéanfar ceartú marthanach ar mhíchothromaíochtaí.

9. Ar deireadh, IARRANN sí ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ar bhealach uaillmhianach, nithiúil, ar na saincheisteanna a shainaithnítear i gcreat an nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch.